# CÓD EITICE

# IONSAMHLAITHE CÚRAIM SLÁINTE

Grúpa Oibre an Chóid Eitice

Leagan Gaeilge (Irish version)

Supported by

SSH Society for Simulation in Healthcare

Published 2020.03

ssih.org/Code-of-Ethics

# RÉAMHRÁ & CÚLRA

An 13 Eanáir 2018, tháinig grúpa ionsamhlóirí cúraim sláinte as gach cearn den domhan le chéile ag cruinniú mullaigh a tionóladh in Los Angeles, California le comhoibriú le chéile le cód eitice aontaithe a chur le chéile d'oibrithe gairmiúla ionsamhlaithe cúraim sláinte.

Tháinig baill an ghrúpa oibre seo ó shé mhór-roinn agus bhí saineolas acu i réimse leathan gairmeacha agus cleachtas ionsamhlaithe. Bhí ceannairí ina measc ó réimse eagraíochtaí ionsamhlaithe agus comhpháirtithe tionscail.

Agus iad ag cur a bhfuil i gcóid eile san áireamh d'oibrigh baill an ghrúpa le heiticithe agus chuir siad cód eiticí le chéile atá infheidhme i ndisciplíní ionsamhlaithe éagsúla. Déanann an Cód Eitice Ionsamhlaithe Cúraim Sláinte luachanna a leagan amach atá inmhianaithe i gcleachtas an ionsamhlaithe: Ionracas, Trédhearcacht, Meas ar a Chéile, Gairmiúlacht, Cuntasacht, agus Díriú ar Thorthaí. Aithnítear sa Chód luachanna a bhfuil tábhacht leo maidir le leas gach páirtí sa phobal ionsamhlaithe cúraim sláinte atá i mbun cleachtais, agus dearbhaíonn sé ár bhféiniúlacht agus ár dtiomantas don ionsamhlú cúraim sláinte mar ghairm.

Cuireann an grúpa oibre an Cód Eitice Ionsamhlaithe Cúraim Sláinte ar fáil chun go bhféadfaidh eagraíochtaí gairmiúla, cumainn agus institiúidí glacadh leis agus é a úsáid, ach aird a thabhairt ar nótaí a bhaineann leis na grúpaí sin.

***Cé dó an Cód:*** Déanann an Cód Eitice Ionsamhlaithe Cúraim Sláinte luachanna a leagan amach atá inmhianaithe ag an leibhéal is airde agus is ginearálta do dhaoine gairmiúla a chleachtann ionsamhlú cúraim sláinte.

***Glacadh leis an gCód:*** Mar is gnáth i gcás cód eitice, is faoi na daoine féin an Cód seo a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is faoi na heagraíochtaí, na cumainn agus na hinstitiúidí glacadh dá ndeoin féin leis an gcód agus é a scaipeadh.

***Nótaí maidir leis an gCód:*** Féadfaidh eagraíochtaí agus institiúidí tuilleadh eolais a thabhairt faoin gcód de réir mar is gá. Mar shampla, bhunaigh an American Psychiatric Association an Cód Eitice ar Chód an American Medical Association go ginearálta, agus leag sé béim ar leith ar na prionsabail sa chód a bhain le cúram síciatrach.

***Aistriúcháin ar an gCód:*** Moltar go ndéanfaí an Cód Eitice a aistriú chun go mbeidh tuiscint ag daoine ar fud an domhain ar choincheapa an Chóid agus chun go nglacfaí leo. Is féidir eolas a fháil maidir leis an gCód Eitice a aistriú ar an láithreán gréasáin.

***Cá bhfuil an Cód le Fáil:*** Tá an Cód le fáil ag ssih.org/Code-of-Ethics.

# GRÚPA OIBRE AN CHÓID EITICE

Christine Park

Timothy Murphy

Zalim Balkizov

Thomaz Bittencourt Couto

Pin-Tarng Chen

John Dean

Sharon Decker

Parvati Dev

Dayna Downing

Kris Thomas Dreifuerst

Eliana Escudero Zúñiga

Valerie Fulmer

Grace Gephardt

Leslie Graham

David Grant

Edgar Israel Herrera Bastida

Leslie Hurst

Sabrina Koh

Hani Lababidi

Esther León Castelao

William Lewandowski

Jennifer McCarthy

Elaine Meyer

Geoffrey Miller

Stefan Monk

Debra Nestel

Fadekemi Oginni

Gen Ouchi

Edwin Ozawa

Gina Peña Pavez

Leona Robertson

Ismail Saiboon

Paola Santalucia

Dawn Schocken

Laura Shen

Elizabeth Sinz

Gulcihan Ulufer Sivrikaya

Cathy Smith

Mary Kay Smith

Andrew Spain

Catherine Strayhorn

Elena Tragni

Isabelle Van Herzeele

Robin Wootten

Park, C. S., Murphy, T. F., & the Code of Ethics Working Group (2018). ***Healthcare Simulationist Code of Ethics***. Retrieved from http://www.ssih.org/Code-of-Ethics.

# CÓD EITICE IONSAMHLAITHE CÚRAIM SLÁINTE: RÉAMHRÁ

Bíonn daoine aonair agus eagraíochtaí a bhíonn ag plé le hionsamhlú cúraim sláinte ag obair i dtreo cleachtas sábháilte, feidhmíocht níos fearr agus caighdeán cúraim sláinte níos fearr a chothú. Beidh an Cód Eitice ina threoir ag gach duine a bhíonn ag cleachtadh an ionsamhlaithe cúraim sláinte agus beidh sé infheidhme maidir leo.

Mar dhaoine gairmiúla atá ag plé le ionsamhlú, aithnímid go mbíonn tionchar ag cleachtas an ionsamhlaithe ar réimsí éagsúla cúraim sláinte. I bhfianaise na freagrachta seo, geallaimid go gcloífimid leis an gCód Eitice seo a leanas.

Tá sé de chuspóir ag an gCód Eitice Ionsamhlaithe Cúraim Sláinte seo cultúr eitice a chothú, a neartú agus tacú leis i measc na ndaoine agus na n-eagraíochtaí atá páirteach in ionsamhlú cúraim sláinte. Cuireann sé béim ar thiomantas na nIonsamhlóirí Cúraim Sláinte na caighdeáin ionracais is airde a bhaint amach.

Tá sé de chuspóir ag an gCód Eitice seo a chinntiú go dtabharfaidh gach Ionsamhlóir Cúraim Sláinte faoina gcuid gníomhaíochtaí agus iad ag cloí leis na caighdeáin eitice is airde ar fud na cruinne. Tarraingíonn sé agus déanann sé forbairt ar na luachanna agus na cleachtais bhunúsacha atá léirithe i gClár Forbartha na Náisiún Aontaithe agus ag cumainn ghairmiúla eile.

# CÓD EITICE IONSAMHLAITHE CÚRAIM SLÁINTE: LUACHANNA

## I. Ionracas (Integrity)

Cloífidh Ionsamhlóirí Cúraim Sláinte leis na caighdeáin ionracais is airde, lena n-áirítear macántacht, fírinneacht, cothroime, agus breithiúnas i ngach ábhar a bhaineann lena gcuid dualgas. Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Beidh meas acu ar thimpeallacht eagraíochtúil eiticiúil agus déanfaidh siad í a chothú.
- Tabharfaidh siad faisnéis, más cuí, faoi thoimhdí, teorainneacha, athruithe, agus fadhbanna a bhaineann le dearadh gníomhaíochtaí ionsamhlaithe.
- Beidh siad soiléir agus fírinneach maidir le hinfheidhmeacht gníomhaíochtaí agus modhanna ionsamhlaithe áirithe bunaithe ar an bhfianaise atá le fáil.
- Beidh siad ag obair chun deireadh a chur le haon dochar nach bhfuil gá leis a bheith á dhéanamh do dhaoine, d'ainmhithe agus don chomhshaol.
- Beidh meas acu ar chearta príobháideachta daoine agus eagraíochtaí, agus cloífidh siad le rúndacht sonraí agus torthaí de réir mar is cuí.
- Beidh meas acu ar gach ceart maoine agus gach ceart intleachtúil agus tabharfaidh siad aitheantas do dhaoine de réir mar is cuí.

## II. Trédhearcacht (Transparency)

Cuirfidh Ionsamhlóirí Cúraim Sláinte a gcuid gníomhaíochtaí ionsamhlaithe cúraim sláinte ar fad i gcrích ar bhealach a léiríonn trédhearcacht agus soiléire maidir leis an dearadh, an chumarsáid, agus na próisis déanta cinntí. Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Cloífidh siad leis na caighdeáin aitheanta maidir le taifeadadh, anailísiú, dearadh, forbairt, cur i bhfeidhm, agus measúnú gníomhaíochtaí ionsamhlaithe.

- Tabharfaidh siad eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a bhféadfadh coimhlintí leasa dáiríre nó measta a bheith ag baint leo.

- Beidh siad soiléir faoi chineál agus cuspóir na gníomhaíochta ionsamhlaithe, gníomhaíochtaí taighde san áireamh.

- Cuirfidh siad srian le gníomhaíochtaí ionsamhlaithe a bhfuil calaois ag baint leo, agus cinnteoidh siad nach mbeidh ach a laghad calaoise agus is gá i gceist agus nach bhfuil sé i gceist riosca a cheilt ná dochar a dhéanamh do dhaoine ná pionós a ghearradh orthu. Tabharfaidh siad aitheantas do dhaoine nuair is cuí.

## III. Meas ar a Chéile (Mutual Respect)

Beidh meas ag Ionsamhlóirí Cúraim Sláinte ar chearta, dínit agus fiúntas gach duine. Beidh dáimh agus bá acu le daoine agus tacóidh siad leis an maith agus le dea-bhearta i leith gach duine a bheidh páirteach i ngníomhaíochtaí ionsamhlaithe. Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Beidh ómós acu don eolas, na scileanna agus na luachanna atá ag foghlaimeoirí agus ag a gcomhghleacaithe agus don leochaileacht atá ag baint leo.
- Éistfidh siad le tuairimí daoine eile, agus déanfaidh iarracht iad a thuiscint.
- Déanfaidh siad iad féin a iompar ar bhealach daonna, beidh meas acu ar an éagsúlacht, agus fáilteoidh siad roimh chuimsiú, agus seachnóidh siad iompar a dhéanfadh dochar do dhaoine.
- Cuirfidh siad an-bhéim ar shábháilteacht agus laghdóidh siad riosca fisiciúil agus síceolaíoch oiread agus is féidir.

## IV. Gairmiúlacht (Professionalism)

Iopróidh Ionsamhlóirí Cúraim Sláinte iad féin ar bhealach a chloíonn leis na caighdeáin ghairmiúla a bhaineann le hionsamhlú cúraim sláinte. Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Léireoidh siad go bhfuil inniúlacht agus dearcadh gairmiúil acu.
- Léireoidh siad go bhfuil siad ag forbairt go leanúnach ar bhonn pearsanta agus ar bhonn gairmiúil.
- Spreagfaidh siad comhghleacaithe agus iontrálaithe nua i ngairm an ionsamhlaithe cúraim sláinte, agus cuirfidh siad oiliúint orthu.
- Tabharfaidh siad faoi dheiseanna a chothú chun gairm an ionsamhlóra cúraim sláinte a chur chun cinn.

## V. Cuntasacht (Accountability)

Beidh Ionsamhlóirí Cúraim Sláinte freagrach as a gcuid cinntí agus a gcuid gníomhartha agus iad ag comhlíonadh na ndualgas agus na gcúraimí atá orthu. Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Iarrfaidh siad aiseolas ar dhaoine go leanúnach, déanfaidh siad an t-aiseolas a mheas agus tabharfaidh siad san áireamh é.
- Ceadóidh siad go ndéanfar athbhreithniú gairmiúil orthu de réir mar is gá.
- Beidh siad ina n-eiseamláirí den iompar eiticiúil.
- Iompróidh siad iad féin go gairmiúil ar bhealach a mbeidh an pobal ionsamhlaithe cúraim sláinte, an fostóir, agus iad féin bródúil as.
- Déanfaidh siad iompar míshábháilte, mí-eiticiúil, nó neamhghairmiúil a aithint agus a thuairisciú do na páirtithe cuí.
- Déanfaidh siad ionsamhluithe a dhearadh agus a úsáid ar bhealach a úsáideann na hacmhainní atá ar fáil go stuama.
- Beidh siad cúramach ní hamháin maidir leis na torthaí atá de dhíth, ach freisin na hiarmhairtí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an ngníomhaíocht ionsamhlaithe.

## VI. Díriú ar Thorthaí (Results Orientation)

Tacóidh Ionsamhlóirí Cúraim Sláinte le gníomhaíochtaí a chuirfidh le caighdeán na gairme agus na gcóras sláinte. Cuimsíonn na torthaí gach cuid den phróiseas ionsamhlaithe agus ní bhaineann siad le táirge deiridh áirithe go sonrach. Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Cinnteoidh siad go n-úsáidfear ionsamhlú cúraim sláinte ar bhealach iontaofa agus inchreidte, i gcomhréir leis na caighdeáin chleachtais aitheanta.
- Beidh siad ag cur feabhas ar na caighdeáin go leanúnach.
- Déanfaidh siad tionchar an ionsamhlaithe a thomhas in aghaidh raon na dtorthaí a d'fhéadfaí a bhaint amach, lena n-áirítear cleachtas an ionsamhlaithe, feidhmíocht an duine, feabhsú córas, agus an tionchar díreach a bhíonn ag ionsamhlú ar othair.
- Déanfaidh siad an Cód Eitice a chuimsiú agus a neadú san ionsamhlú cúraim sláinte agus sa chultúr eagraíochtúil trí chéile.
- Úsáidfidh siad an Cód Eitice chun cur le cleachtais eitice i réimsí ábhartha.
- Cuirfidh siad le heolas an phobail faoi ionsamhlú cúraim sláinte trí aird a tharraingt ar bhealaí rochtana agus eolas agus taithí a roinnt.

Cuireann an Cód Eitice Ionsamhlaithe Cúraim Sláinte roimhe cloí leis na luachanna seo a leanas a bhfuil tábhacht leo i dtaca le cleachtas an ionsamhlaithe:

I. Ionracas (Integrity)

II. Trédhearcacht (Transparency)

III. Meas ar a chéile (Mutual Respect)

IV. Gairmiúlacht (Professionalism)

V. Cuntasacht (Accountability)

VI. Díriú ar Thorthaí (Results Orientation)

Irish version translated by:
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (National University of Ireland, Galway)
An tIonad Éireannach um Shábháilteacht Othar Feidhmeach agus Insamhladh
(The Irish Centre for Applied Patient Safety and Simulation)

*Translations of the Healthcare Simulationist Code of Ethics are prepared by volunteer translators. No liability is assumed by SSH or the code of ethics authors for any errors, omissions, or ambiguities in the translations provided. Any person or entity that relies on translated content does so at their own risk. Neither SSH nor the code of ethics authors shall be liable for any losses caused by reliance on the accuracy, reliability, or timeliness of translated information.*

*Supported by:*

SSH
Society for Simulation in Healthcare